Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2020
(OR. en)

13031/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0216 (NLE)**

**FDI 35**
**SERVICES 53**
**WTO 275**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cód iompair a ghlacadh do Chomhaltaí an Bhinse, Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus idirghabhálaithe |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cód iompair a ghlacadh do Chomhaltaí an Bhinse, Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus idirghabhálaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), in éineacht le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle[1], déantar foráil maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[2] ("an Comhaontú"). Síníodh an Comhaontú an 30 Deireadh Fómhair 2016.

(2) Le Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle[3], déantar foráil maidir le codanna den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach, lena n-áirítear bunú an Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht. Cuireadh an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017 i leith.

(3) De bhun Airteagal 26.2.4 den Chomhaontú, is féidir leis an gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht cinntí a ghlacadh nuair a fhoráiltear amhlaidh sa Chomhaontú.

---

1 Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1).

2 IO L 11, 14.1.2017, lch. 23.

3 Cinneadh (AE) 2017/38 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Chuimsithigh Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 11, 14.1.2017, lch. 1080).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 8.44.2 den Chomhaontú, tá cinneadh maidir le cód iompair do Chomhaltaí an Bhinse, Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus idirghabhálaithe le glacadh ag an gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht, ar cód é atá le cur i bhfeidhm i ndíospóidí a eascraíonn as Caibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a bhunú ar bhonn an dréachtchinnidh ón gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht maidir le cód iompair chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a mhéid a bhaineann le cód iompair a ghlacadh do Chomhaltaí an Bhinse, Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus idirghabhálaithe[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a thiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 6966/20 ar http://register.consilium.europa.eu.